

Feis Dhún Geanainn Márta 2020

Comórtais na mBunscoileanna

Aithriseoireacht

Rang 1	Froganna
Rang 2	Seachain an Crogall!
Rang 3	Mo Mhadadh
Rang 4	Ag Féachaint ar an Teilifís
Rang 5	An dTiocfaidh Tú Liom?
Rang 6	Mo Choinín
Rang 7	An tEitleán



www.shutterstock.com - 112728008

Froganna

Froganna beaga deasa,
Froganna beaga buí,
Froganna beaga glasa,
Is Mamaí frog ina luí.

Daidí frog ina sheasamh,
Is bata ina lámh,
Ag foghlaim do na páistí
Cad é an dóigh le snámh!



www.shutterstock.com - 147029672



www.shutterstock.com - 5568157



www.shutterstock.com - 5568157



www.shutterstock.com - 5568157




www.shutterstock.com - 5568157



Seachain an Crogall!

Tá crogall san uisce,
Nach gránna é!
Itheann sé páistí,
Le haghaidh an tae.

Dia duit, a chrogail,
Ná maraigh mé!
An ligfidh tú trasna na habhann mé?



Mo Mhadadh

Sin é mo mhadadh
Ina shuí ar an stól.
Bíonn sé ag ithe.
Bíonn sé ag ól.


Ólann sé bainne
Is itheann sé arán.
Is deir sé 'bhuf', 'bhuf',
Nuair a bhíonn sé lán.



Ag Féachaint ar an Teilifís

Tá Liam sa bhaile,
Tá sé ar bís!
Níl sé ar scoil,
Tá sé ag féachaint ar an teilifís.

Faigheann sé an cianrialtán,
Suíonn sé síos,
Tá áthas ar Liam,
Ag féachaint ar an teilifís.



An dTiocfaidh Tú Liom?

An dtiocfaidh tú liom go dtí an zú?
Feicfidh tú dobharach is cangarú,
Camall le cruit air,
Is crogall mór,
Is séabra le stríocaí
Bána is dubha.

Tiocfaidh mé leat go dtí an zú.
Feicfidh mé dobharach is cangarú,
Camall le cruit air,
Is crogall mór,
Is séabra le stríocaí
Bána is dubha.
Seo linn anois go dtí an zú!



Mo Choinín

Is maith liom mo choinín
Mo choinín beag bán,
Is bímid ag súgradh
Le chéile ar an bhán.

Thug Daidí dom an coinín
Is rinne sé teach dó.
Bíonn an coinín istigh ann
D'óiche is de ló.

Is maith liom a bheith ag súgradh
Le Máire nó le Seán,
Ach is fearr liom a bheith ag súgradh
Le mo choinín beag bán.



An tEitleán

“Nach deas an t-eitleán é,”
Arsa Micilín leis féin,
“Ag eitilt ar nós spideoige
Thar na sléibhte i gcéin!

Feiceann sé gach uile ní
Is é ag eitilt sa spéir,
Nach aoibhinn don pháilóta
Mar éinín thuas san aer!

Ach beidh mé mór amárach
In eitleán liom féin,
Is feicfidh mé na sléibhte
Is na tíortha i bhfad i gcéin.”



Feis Dhún Geanainn Márta 2020

Comórtais na nGaelscoileanna

Aithriseoireacht

Naíscoil Breithlá Mo Dhaidí

Rang 1 Eilifint ar an Trá

Rang 2 Ruairí Rón

Rang 3 Mo Chaitín

Rang 4 Thit Fiacaíl

Rang 5 An Zú

Rang 6 Eitleog

Rang 7 An Spásaire

Breithlá mo Dhaidí

Breithlá mo Dhaidí
A bhí ann inné,
Is rinne mo Mhamaí
Císte don tae.

Tháinig an Tíogar
Is tháinig an Béar
D'ith siad an císte
Is na coinne go léir!



Eilifint ar an Trá

Máire Ní Ghallchobhair

Eilifint

Ar an trá,

Ag caitheamh a bicíní.

Rinne sí

Rince beag,

Ar a barraicíní.

‘Stop!’ a bhéic an

Portán beag

‘Seachain mo chrúibíní!’

Och! Ochón!

An créatúr bocht,

Ina smidiríní!



Ruairí Rón
Treasa Ní Ailpín

Ruairí Rón
Bhris sé a shrón:
Deora móra –
“Och, ochón!”

Éist, a Ruairí,
Éist, a stór!
Chuir Mamó fios
Ar an Turtar Mór.

Beidh sé anseo
Faoi cheann uair nó dhó,
Is cuirfidh sé cóir ort.
A stóirín ó.



Mo Chaitín

Tá caitín agamsa atá bán agus buí,
In aice na tine a bhíonn sé ina luí.

Ní féidir leis léamh, ní féidir leis scríobh,
Ní labhraíonn sé focal le muintir an tí.

Bímse ar scoil ag obair go dian,
Is mo chaitín sa bhaile ina chodladh faoin ghrian.




Thit Fiacail

Thit fiacail uaim anois beag
'S tá bearna mór i mo dhrandal
Beidh na páistí eile ag magadh fúm
Ag rá go bhfuil mé mantach

Ach cuirfidh mé faoi mo philliúr í
Anocht ag dul a luí dom
'S tiocfaidh na síoga
Amach i lár na hoíche

Tógfaidh siad don lios í
Ná fiafraigh díom cad chuige
Ach ar maidin nuair a dhúiseoidh mé
Beidh romham caoga pingin.



An Zú

Seán Ó Dúrois

Níl rud ar bith chomh deas
Le turas chuig an zú;
Tugaim faoi deara
An rud is lú.

Is breá liom ainmhithe
An zú go léir—
Léim an liopaird
Búireach an bhéir.

An leon ardnósach
Hiéana ag gáire,
Piongain chiotach,
Moncaí gan náire.

An eilifint mhór
Ag luascadh a thrúinc—
Is grá liom gach rud
Ach boladh an scúinc!



Eitleog

Áine Ní Ghlinn

Scaoilim m'eitleog
Suas suas san aer.
Pógann sí na crainn,
Is preabann chun na spéire.
Éalaíonn isteach i scamall,
Is tosaíonn sí ag spraoi,
Ag luascadh is ag eitilt
Le rithim na gaoithe.

Ba bhreá liomsa bheith i m'eitleog
Thuas in airde sa spéir.
Ba bhreá liom dul ar foluain
Ar sciatháin aeir.
Ba bhreá liom bheith léi
Thuas os cionn na gcrann ag spraoi,
Ag lorg faoisimh
Ón uaigneas seo i mo chroí



An Spásaire

Bairtle Ó Brádaigh

Ba mhaith liom dul chuig an ghealach
Lá éigin, tar éis dinnéir.
Tiománfaidh mé mo spáslong
Suas amach faoin spéir.

Fuair mé culaith spásaire,
Um Nollaig ó m'aintín.
Beidh an chulaith nua sin ormsa,
Is mo chóta mór báistí.

Nuair a shroichfimid an ghealach
Beidh picnic againn ann.
Beimid ansin ag ithe linn
Is ag breathnú ar an domhan.

Ní rachaidh mé rófhada ón long,
Ar eagla dul ar strae,
Ach baileoidh mé roinnt clocha
Sula suífidh mé chun tae.

Fillfimid sa spáslong,
Go díreach tar éis an tae,
Mar ní mór dom bheith sa
bhaile,
I mo leaba, roimh a naoi



Feis Dhún Geanainn Márta 2020

Comórtais na Meánscoileanna

Aithriseoireacht

Bliain 8 (Cailíní) Is Fuath Liom Na hÉadaí Seo

Bliain 8 (Buachaillí) Liathróid i bPáirc an Chrócaigh

Bliain 9 (Cailíní) An Teilifís

Bliain 9 (Buachaillí) Mise Éire

Bliain 10 (Cailíní) Faoiseamh a Gheobhadsa

Bliain 10 (Buachaillí) An Iomáint

Bliain 11 I gCeann Mo Thrí Bliana a Bhí Mé

Bliain 12 Fornoct Do Chonac Thú

Bliain 13 Dán do Lara, 10

Bliain 14 Jack

Liathróid i bPáirc an Chrócaigh
Éamonn Ó Ríordáin

Preabann sí, casann sí,
Léimeann sí timpeall,
Cictear í, buailtear í,
Ard agus íseal.

Amanna tapa,
Uaireanta mall,
Suas agus síos,
Sall is anall.

Istigh sa chúl,
Thar an trasnán,
Croitear na bratacha
Glas agus bán.

Ag luí ar an talamh
Nó ag eitilt san aer,
Screadadh is béiceadh
Ón slua go léir.

Is Fuath Liom Na hÉadaí Seo

Breandán de Bhál

Is fuath liom na héadaí seo,
Níl uaim iad a chaitheamh níos mó,
Ní oireann siad dom ar chor ar bith,
B'fhearr liom iad a fheiceáil ar bhó.

Ní féidir liom dul amach.
Beidh mo chairde ag gáire fúm,
Má théim anois amach ón teach
Nach ormsa a bheidh an ghruaim?

Ach céard atá uait a chaitheamh?
Éadaí sractha, caite, ildaite dar ndóigh.
Níor mhaith liom éadaí mar iad a fheiceáil,
Ar mhuc agus í istigh sa chró!

Ní féidir linn teacht ar réiteach
Fágfaimid an rogha agat féin,
Ach glacfaimid grianghraf álainn díot
Le taispeáint ag do chóisir fiche is a haon!

Mise Éire

Mise Éire
Sine mé ná an Chailleach Bhéarra

Mór mo ghlóir
Mé a rug Cú Chulainn cróga

Mór mó náir
Mo chlann féin a dhíol a máthair

Mór mo phian:
Bithnaimhde do mo shíorchiapadh.

Mór mo bhrón
D'éag an dream inar chuireas dóchas

Mise Éire
Uaigní mé ná an Chailleach Bhéarra

An Teilifís

Gabriel Rosenstock

Ar a cúig a chlog ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beainín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile,
Níos bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta
Gan solas fós sa spéir.
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioraf tríd an sneachta
Is ulchabhán Artach
Ag faoileáil
Os a chionn.

An Iomáint

Ar dhroim an domhain níl radharc níos áille
Ná tríocha fear ag bualadh báire
Ar pháirc mhór ghlas faoi thaitneamh gréine
Is na gártha molta ag dul chun spéire

Dá fhoireann ghroí in aghaidh a chéile
Gach fear i mbarr a nirt is a réime
Camán á luascadh ar fud na páirce
Is an sliotar ag imeacht ar luas in airde

An tríocha fear ag rith is ag léimneach
Buillí a mbualadh le neart is le héifeacht
Tapúlacht coise is oilteacht láimhe
Ar dhroim an domhain níl radharc níos áille.

Faoiseamh a Gheobhadsa

Máirtín ó Díreáin

Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid

I measc mo dhaoine

Ar oileán mara,

Ag súil cois cladaigh

Maidin is tráthnóna

Ó Luan go Satharn

Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid

I measc mo dhaoine,

Ó chrá chroí,

Ó bhuairt aigne,

Ó uaighneas dhuairc,

Ó chaint ghontach

Thiar ag baile.

I gCeann Mo Thrí Bliana a Bhí Mé *Cathal Ó Searcaigh*

“Sin clábar! Clábar cáidheach,
a chuilcigh,” a dúirt m’athair go bagrach
agus mé ag slupairt go súgach
i ndíobhóg os cionn an bhóthair.
“Ámach leat as do chuid clábair
sula ndéanfar tú a chonáil’

Ach choinnigh mé ag spágáil agus ag splaiseáil
agus ag scairtigh le lúcháir:
“Clábar! Clábar! Seo mo chuid clábair!”
Cé nár chiallaigh an focal faic i mo mheabhair
go dtí gur mhothaigh mé i mo bhuataisí glugar
agus trí gach uile líbín de mo cheirteacha
creathanna fuachta na tuisceana.

A chlábar na cinniúna, bháigh tú mo chnámha.

Fornocht Do Chonac Thú

Pádraig Mac Piarais

Fornocht do chonac thú
a áille na háille,
is do dhallas mo shúil
ar eagla go stánfainn.

Do chualas do cheol,
a bhinne na binne,
is do dhúnas mo chluas
ar eagla go gclisfinn.

Do bhlaiseas do bhéal
a mhilse na milse,
is do chruas mo chroí
ar eagla mo mhillte.

Do dhallas mo shúil,
is mo chluas do dhúnas;
do chruas mo chroí,
is mo mhian do mhúchas.

Do thugas mo chúil
ar an aisling do chumas,
's ar an ród so romham
m'aghaidh do thugas.

Do thugas mo ghnúis
ar an ród so romham,
ar an ngníomh do-chím,
's ar an mbás do gheobhad.

Dán Do Lara, 10

Mícheál Ó hÁirnéide

Fuinseog trí thine
gruaig do chinn
ag mealladh fuiseoige
le do ghlór binn
i bhféar glas,
is scata nóiníní
ag súgradh leat,
is scata coiníní
ag damhsa leat,
an lon dubh
is a órghob
mar sheoid leat,
lasair choille
is a binneas
mar cheol leat.
Is cumhracht tusa,
is mil, is sú talún:
ceapann na beacha féin
gur bláth sa pháirc thú.
A bhanríon óg thír na leabhar,
go raibh tú mar seo go deo
go raibh tú saor i gcónaí
ó shlabhra an bhróin.
Seo mo bheannacht ort, a chailín,
is is tábhachtach mar bheannú é -
go raibh áilleacht anama do mháthar leat
is áilleacht a gné.

Jack

Máire Mhac an tSaoi

Strapaire fionn sé troithe ar airde
Mac feirmeora ó iarthar tíre,
Ná cuimhneoidh feasta go rabhas-sa oíche
Ar urlár soimint aige ag rince,

Ach ní dhearúdfad a ghéaga im thimpeall,
A gháire ciúin ná a chaint shibhialta-
Ina léine bhán, is a ghruaig nuachíortha
Buí fén lampa ar bheagán íle

Fágfaidh a athair talamh ina dhiaidh aige,
Pósfaidh bean agus tógfaidh síolbhach,
Ach mar chonacthas domhsa é arís ní cífeair,
Beagbheann ar chách mar 'gheal lem chroí é.

Barr dá réir go raibh air choíche!
Rath is séan san áit ina mbíonn sé!
Mar atá tréitheach go dté crích air-
Dob é an samhradh so mo rogha 'pháirtí é

